Nuacht Neachtain

Samhain / Nollaig, 2022.

Maranatha – Tar, a Thiarna Íosa

OÍCHE MHÓR na SEÓNNA NOLLAG!
Tá Gaelscoil Neachtain a dhul a chur dhá sheó Nollag i láthair i mbliana Déardaoin, 15 Nollaig, i Halla Glór Dhún Geimhin. Tosaíonn an oíche iontach siamsa amach ar a **6.00in leis na páistí as Ranganna 1- 3 ag dul do *Scéal na Nollag*** agus ar 7in, déanfaidh na páistí as **Ranganna 4 - 7 *Gráinne Mhaol* a léiriú.** £3 an ceann atá ar na ticéid – páistí saor in aisce – agus beidh siad ar díol in oifig na Gaelscoile ón 1.30in Dé hAoine 9 Nollaig. Tá muid ag tnúth le do theacht. Fáilte roimh achan duine. **IARRTAR AR ACHAN PHAISTE BHEITH SA HALLA, AGUS É GLÉASTA DÁ SHEÓ 20 BOMAITE AR A LAGHAD SULA dTOSAÍONN SÉ. BEIDH AN HALLA AR OSCAILT Ó 5.30in.** Go raibh maith agat.

SEÓ NOLLAG NAÍSCOIL NEACHTAIN
Cuirfidh na páistí as Naíscoil Neachtain *Scéal na Nollag* i láthair maidin Dé hAoine, 16 Nollaig, ar 9.30rn sa Naíscoil. Fáilte roimh achan duine. Iarrtar ar thuismitheoirí na páistí a fhágáil sa Naíscoil, mar is gnách, ar 9.00rn. Déanfar na doirse a oscailt don seó ar 9.20rn. Go raibh maith agat.

ACHAINÍ NOLLAG NAOMH UINSEANN de PÓL
Déanfaidh na páistí as Rang 7 bailiúcháin airgid ag Seónna na Nollag d'Achainní Naomh Uinseann de Pól. Ba mhór againn do chuid flaithiúlachta, go háirithe ag am seo na bliana. Go raibh maith agat.

A GREAT NIGHT OF CHRISTMAS SHOWS!
Gaelscoil Neachtain will present two Christmas shows this year on Thursday, 15th December in Halla Glór Dhún Geimhin. This great night of entertainment starts out at **6.00pm with children in Ranganna 1 - 3** presenting *Scéal na Nollag / The Christmas Story* and at 7pm the children in **Ranganna 4 – 7 will present *Gráinne Mhaol.*** Tickets cost £3 – free admission for children - and will be on sale in the Gaelscoil office from 1.30p.m. on Friday, 9th December. We look forward to seeing you there. Everyone welcome. **EVERY CHILD IS ASKED TO BE IN THE HALL, DRESSED FOR HIS / HER SHOW, AT LEAST 20 MINUTES BEFORE IT STARTS. THE HALL WILL BE OPEN FROM 5.30pm. Go raibh maith agat.**

NAÍSCOIL NEACHTAIN CHRISTMAS SHOW
Children at Naíscoil Neachtain will present their Christmas show, *The Christmas Story,* on Friday, 16th December, at 9.30am in the Naíscoil. Everyone welcome. Parents are asked to leave children in the Naíscoil, as usual, at 9.00am. Doors will open for the show at 9.20am. Go raibh maith agat.

St. VINCENT de PAUL CHRISTMAS APPEAL
The children from Rang 7 will take up a collection for the St. Vincent de Paul Christmas Appeal at the Christmas Shows. Your generosity will be greatly appreciated, especially, at this time of the year. Go raibh maith agat.

AN DÉARDAOIN, 8 NOLLAIG.

AIFREANN

Féile Ghiniúint Mhuire gan Smál atá ann Déardaoin bheag seo, 8 Nollaig. Déanfaidh páistí as R. 4 agus R. 7 freastal ar Aifreann ar 10.00rn in Eaglais Naomh Pádraig.

DINNÉAR NA NOLLAG

Déanfar Dinnéar na Nollag a sholáthar sa bhialann Déardaoin fosta - £2.60, an gnáthchostas, a bheas ar an dinnéar.

IMEACHT LUATH na BHAILE

Imeoidh na páistí abhaile go luath Déardaoin ag na hamanna na leanas – páistí R.1 – 2: 1.30in; páistí R.3 – 7: 1.40pm. Rachaidh siblíní níos sine abhaile le páistí R.1/2 ar 1.30pm.

LÁ GAN ÉADAÍ SCOILE

Lá gan éadaí scoile é 8 Nollaig fosta agus iarrtar ar pháistí tabhartas £1 a dhéanamh d'Achainní Naomh Uinseann de Pól. Go raibh maith agat. Tá fáilte roimh pháistí geansaí Nollag a chaitheamh, más mian leo.

OBAIR BHAILE

Críochnaíonn obair bhaile scríofa do Théarma 1, Déardaoin, 9 Nollaig. Iarrfar ar pháistí díriú isteach ar chleachtadh línte don seó Nollag, áfach. Iarrtar fosta ar pháistí leanúint ar aghaidh leis an léitheoireacht go deireadh an téarma agus a mhinice agus is féidir le linn saoire na Nollag. Go raibh maith agat.

TURAS CHUN NA PICTIÚRLAINNE

Mar chineál Nollag, tá muid ag tabhairt na bpáistí go léir, R.1 – R.7, chun na pictiúrlainne ag Brunswick Moviebowl, Doire, **Dé hAoine, 16 Nollaig.** Tuilleadh sonraí le leanstan.

PLEAN FORBARTHA SCOILE

Buíochas le hachan duine a líon isteach an ceistiúchán tuismitheoirí le haghaidh Phlean Forbartha Gaelscoile, 2022-2025. D'fhreagair 59% de thuismitheoirí. Aischothú an-deimhneach ar fad a fuarthas agus tabharfar an-aird ar an aischothú *san iomlán* agus an Plean Forbartha a chur i gcrích. Ag teacht leis an eolas a bailíodh, tá an Ghaelscoil a dhul a chur sraith cheardlanna ar fáil sa Litearthacht agus sa Mhata agus iad ag toiseacht i mí Eanáir, 2023. Tuilleadh sonraí le teacht. Go raibh maith agat.

THURSDAY, 8th DECEMBER.

MASS

This Thursday, 8th December, is the Feast of the Immaculate Conception. Children from Rang 4 and Rang 7 will attend Mass in St. Patrick's Church at 10.00am.

CHRISTMAS DINNER

Christmas Dinner will be served in the canteen this Thursday. The dinner will be the usual price - £2.60.

GOING HOME EARLY

The children will go home early on Thursday, 8th December – R.1 - 2 children: 1.30pm; R.3 - 7 children: 1.40pm. Older siblings will go home with R.1/2 children at 1.30pm.

NON-UNIFORM DAY

8th December is also a non-uniform day and Children are asked to make a £1 donation to the St. Vincent de Paul Christmas Appeal. Go raibh maith agat. Children are welcome to wear Christmas jumpers, if they wish.

OBAIR BHAILE / HOMEWORK

Written homework for Term 1 will finish on Thursday, 9th December. Children will be asked, however, to focus on practising their lines for the Christmas show. Children are also asked to continue reading every day until the end of term and as often as possible during the Christmas holidays. Go raibh maith agat.

TRIP TO THE CINEMA

As a Christmas treat, we are taking all the children, R.1 – R.7, to the cinema at Brunswick Moviebowl, Derry on **Friday, 16th December**. Further details to follow.

SCHOOL DEVELOPMENT PLAN

Our thanks to everyone who completed the parents' questionnaire for our Gaelscoil Development Plan, 2022 - 2025. 59% of parents responded. Very positive feedback was received and attention will be given to *all* feedback whilst implementing the Development Plan. In keeping with the information gathered, the Gaelscoil will provide a series of workshops in Literacy and Maths beginning January, 2023. Further details to follow. Go raibh maith agat.

LÁ OSCAILTE

Tá Lá Oscailte á eagrú ag Gaelscoil Neachtain, **Dé Domhnaigh, 8 Eanáir, 2023, 2 – 4.00i.n.** do thuismitheoirí de pháistí atá in ann Rang 1 a thoiseacht i mí Mheán an Fhómhair, 2023. Tá Lá Oscailte a eagrú ag Naíscoil Neachtain fosta **Dé Domhnaigh, 8 Eanáir, 2023, 1.00 – 3.00in,** o thuismitheoirí de pháistí atá in ann Naísocil a thoiseacht i mí Mheán an Fhómhair, 2023. Deiseanna iontacha iad seo do thuismitheoirí fáil amach faoin réimse deiseanna a dhéanaimid a thairiscint do pháistí ag Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain. Scaiptear an scéal, le do thoil! Go raibh maith agat.

TEACHT ISTEACH: MEÁN FÓMHAIR, 2023.
Léitear thíos, le do thoil, dátaí tábhachtacha maidir leis an phróiseas theacht isteach páistí go Naíscoil agus Gaelscoil do mhí Mheán an Fhómhair, 2022 –

An Aoine, 13 Nollaig, 2022 – foilsiú critéar agus eolas ar-líne ar theacht isteach páistí go Naíscoil agus go bunscoil.

An Mháirt, 10 Eanáir, 2023 – osclaíonn córas iarratais an ÚO ar-líne.

An Aoine, 27 Eanáir, 2023 – druideann córas iarratais an ÚO ar **12 meán lae.**

Suíomh gréasáin an Údaras Oideachais – https://www.**eani**.org.uk/parents/**admissions**

Má tá ceist ar bith agat, téitear i dteagmháil leis an Ghaelscoil nó cuirtear r-phost chuig mkelly429@c2kni.net. Go raibh maith agat

COSAINT AN PHÁISTE

Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Faoi láthair, is í Danielle Stiobhard Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le ceachtar acu láithreach bonn.

AN CLUB BRICFEASTA

Tá An Club Bricfeasta ann gach maidin idir 8.15 – 8.45r.n. Fáilte roimh achan pháiste. **Tugtar faoi deara, le do thoil: ní osclaíonn An Club Bricfeasta go dtí 8.15rn. agus glactar leis na hordaithe deireanacha don bhricfeasta ar 8.40r.n.** Go raibh maith agat.

OPEN DAY

Gaelscoil Neachtain is organising an Open Day on **Sunday, 8th January, 2023, 2 – 4.00p.m.** for parents of children eligible to start Rang 1 / P.1 in September 2023. Naíscoil Neachtain is also organising an Open Day on **Sunday, 8th January, 2023, 1 – 3.00p.m.** for parents of children eligible to start Naíscoil / Nursery in September, 2023. These are great opportunities for prospective parents to find out about the wide range of opportunities we offer children at Gaelscoil and Naíscoil Neachtain. Spread the word, please! Go raibh maith agat.

ADMISSIONS: SEPTEMBER, 2023.

Please read below important dates regarding the application process for admission to Naíscoil and Gaelscoil for September, 2022 -

Friday, 13th December, 2022 – on-line publication of criteria and information on the admissions process to Naíscoil and primary schools.

Tuesday, 10th January, 2023 – the EA on-line application process opens.

Friday, 27th January, 2023 – the admissions process closes at **12 midday.**

Education Authority website - https://www.**eani**.org.uk/parents/**admissions**

If you have any questions, please contact the Gaelscoil or e-mail mkelly429@c2kni.net Go raibh maith agat.

CHILD PROTECTION

Fionnuala Ní Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Danielle Stewart is currently the Deputy Designated Teacher for Child Protection. If you have any concerns, please contact either immediately.

BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is open every morning between 8.15 – 8.45am. All children are welcome. **Please note: The Breakfast Club does not open until 8.15a.m. and last orders for breakfast are taken at 8.40a.m.** Go raibh maith agat.

POLASAÍ FREASTAL: NÓTA MEABHRÚCHÁIN

Ach amháin i gcás tinnis, nó i gcás eile práinneach, iarrtar ar thuismitheoirí cinntiú go bhfreastlaíonn na páistí s'acu ar scoil gach lá. Cuirtear an méid thíos i gcuimhne duit fosta Polasaí Freastal na Gaelscoile - …***IF A CHILD LEAVES SCHOOL BEFORE 2.30pm ON ANY GIVEN DAY, HE / SHE WILL BE MARKED ABSENT FROM THE AFTERNOON SESSION.***

ACH AMHÁIN I GCÁS PRÁINNE, IARRTAR AR THUISMITHEOIRÍ GAN PHÁISTÍ A THABHAIRT AMACH AS AN GHAELSCOIL GO LUATH. **Má thugann tú do pháiste as an scoil roimh 2.30in, ní mór duit nóta míniúcháin a sholáthar.** Go raibh maith agat.

SAOIRE na NOLLAG

Críochnaíonn Téarma 1 ag Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain **Dé Máirt, 20 Nollaig,** do shaoire na Nollag. Tá cead ag páistí milseáin a thabhairt ar an lá ach **NÍ CHEADAÍTEAR SEACLÁID, CÍBHÍ nó CNÓNNA de CHINEÁL AR BITH.** Tá fáilte roimh na páistí a gcuid éadaí féin a chaitheamh, más mian leo. Tugtar faoi deara na hamanna imeachta 'na bhaile don Mháirt, 20ú, le do thoil: **Naíscoil (gach páiste) – 11.00rn; R.1 - R.2: 11.40rn; R. 3 – 7: 11.50rn** Rachaidh siblíní abhaile le chéile ag an chéad imeacht. **Athosclaíonn Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain do na páistí go léir Déardaoin, 5 Eanáir, 2022.**

CIS BHIA na NOLLAG

Buíochas ó chroí libh go léir a d'íoc do chion don chis bhia Nollag agus ár mbuíochas ó chroí libh fosta as ticéid a dhíol. Déanfar an crannchúr le haghaidh an chis bhia ag seónna na Nollag.

ATTENDANCE POLICY: REMINDER

Except in the case of illness, or other serious matters, parents are asked to ensure that their children attend school every day. You are also reminded of the following from the Gaelscoil's attendance Policy - …***IF A CHILD LEAVES SCHOOL BEFORE 2.30pm ON ANY GIVEN DAY, HE / SHE WILL BE MARKED ABSENT FROM THE AFTERNOON SESSION.*** EXCEPT FOR EXCEPTIONAL CIRCUMSTANCES, PARENTS ARE ASKED, PLEASE, NOT TO TAKE CHILDREN OUT OF SCHOOL EARLY. **If you do take your child out of school before 2.30pm, a note of explanation must be provided.** Go raibh maith agat.

CHRISTMAS HOLIDAY

Term 1 at Gaelscoil Neachtain and Naíscoil finishes on **Tuesday, 20th December** for the Christmas holiday. Children may bring sweets on the day **BUT CHOCOLATE, KIWI and ANY KIND of NUTS are NOT PERMITTED.** Children are welcome to wear their own clothes, if they wish. Please note times for going home on Tuesday, 20th: **Naíscoil – 11.00am**; **R.1 - R.2: 11.40am; R. 3 – 4: 11.50am.** Siblings will go home together at the first leaving. **Gaelscoil Neachtain and Naíscoil Neachtain re-open to all children on Thursday, 5th January, 2023.**

CHRISTMAS HAMPER

Sincere thanks to all who contributed to the Christmas hamper and our sincere thanks to you also for selling tickets. The draw for the hamper will take place at the Christmas shows.